AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 27.11.2013
COM(2013) 853 final

2013/0415 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 lena liostaítear na tríú tíortha a gcaithfidh a náisiúnaigh víosaí a bheith acu agus iad ag dul thar theorainneacha seachtracha agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. Comhthéacs an togra

Leis an leasú beartaithe seo ar Rialachán (CE) Uimh. 539/2001[1], ar leasaíodh go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1211/2010[2] é, tá an Coimisiún ag dul i mbun na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán a choigeartú, ag cur san áireamh an dul chun cinn atá déanta ag Poblacht na Moldóive ina comhphlé maidir le léirscaoileadh víosaí i rith na dtrí bliana seo caite, agus tá sé chun í a aistriú ó Iarscríbhinn I (liosta na dtríú tíortha nach mór dá náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu agus iad ag dul thar theorainneacha seachtracha Ballstát) go hIarscríbhinn II (liosta na dtríú tíortha sin a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin) den Rialachán; tá an t-aistriú sin ag teacht leis an ngealltanas polaitiúil a thug an tAontas Eorpach sa Dearbhú Comhpháirteach a faomhadh ag Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir i bPrág an 7 Bealtaine 2009, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá soghluaisteacht an tsaoránaigh agus léirscaoileadh víosaí i dtimpeallacht shábháilte. Thug an AE gealltanas tabhairt faoi chéimeanna de réir a chéile i dtreo léirscaoilte iomláin víosaí san fhadtéarma do thíortha comhpháirtíochta, ar an gcoinníoll go bhfuil na coinníollacha i bhfeidhm le haghaidh soghluaisteachta atá dea-bhainistithe agus slán. Sa Dearbhú Comhpháirteach a rinneadh tráth an chruinnithe den Chomhairle um Chomhar idir an AE agus Poblacht na Moldóive an 21 Nollaig 2009, thángthas ar chomhaontú comhphlé a sheoladh ina ndéanfaí imscrúdú ar na coinníollacha a bhainfeadh le saoránaigh na Moldóive a bheith ag taisteal go dtí an AE gan víosa sa todhchaí.

**Comhthéacs ginearálta agus foras an togra**

In 2001, i gcomhréir le hAirteagal 62 (2) (b) (i) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle ina liostaítear na tríú tíortha a gcaithfidh a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu agus iad ag dul thar theorainneacha seachtracha Ballstát (dá ngairtear an liosta diúltach) agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (dá ngairtear an liosta dearfach). Tá na liostaí sin luaite in Airteagal 61 de Chonradh CE i measc na mbeart tionlacain atá nasctha go díreach le saorghluaiseacht daoine i limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

Mar atá ráite in Aithris 5 de Rialachán 539/2001, "d'fhonn cinneadh a dhéanamh cé na tríú tíortha sin a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir an cheanglais víosa, agus cé na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe uaidh, déantar measúnú breithnithe ar gach cás ar leith de réir roinnt critéar a bhaineann *inter alia* le hinimirce mhídhleathach, beartas poiblí agus slándáil phoiblí agus caidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh le tríú tíortha; meastar impleachtaí an chomhleanúnachais réigiúnaigh agus na cómhalartachta freisin". I bhfianaise chritéir an oird phoiblí agus na hinimirce mídhleathaí, ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar shlándáil doiciméad taistil arna n-eisiúint ag na tríú tíortha lena mbaineann.

Ós rud é gur féidir leis na critéir atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 fabhrú thar am i ndáil le tríú tíortha, ba cheart comhdhéanamh an liosta dhiúltaigh agus an liosta dhearfaidh a athbhreithniú nuair is iomchuí.

Leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 go deireanach in 2010 (faoi dhó) rud a léiríonn, ar thaobh amháin, toradh an chomhphlé maidir le léirscaoileadh víosaí leis na tíortha sna Balcáin Thiar tríd an Albáin agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a aistriú go hIarscríbhinn II; agus, ar an taobh eile, athbhreithniú rialta a dhéanamh ar liostaí na dtíortha tríd an Téaváin a

[1] IO L 81, 21.3.2001, lch. 1.
[2] IO L 339, 22.12.2010, lch. 6.

aistriú go hIarscríbhinn II. Mhol an Coimisiún i mí na Samhna 2012[3] go ndéanfaí athbhreithniú rialta eile ar na liostaí tíortha. Táthar i mbun idirbheartaíochta i gcónaí maidir leis an moladh sin. Tá an chéad ghnáth-athbhreithniú eile beartaithe go luath in 2014 agus déanfaidh sé breithniú ar an tionchar eacnamaíoch a bhaineann le léirscaoileadh víosaí, mar a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht i mí na Samhna 2012 i ndáil le víosaí agus fás[4].

Is é aidhm an athbhreithnithe seo ar an Rialachán a áirithiú go gcomhlíonann comhdhéanamh liostaí na dtríú tíortha na critéir atá leagtha amach in aithris (5) den Rialachán i bhfianaise an dul chun cinn atá déanta ag Poblacht na Moldóive faoi chuimsiú a comhphlé maidir le léirscaoileadh víosaí.

2. Eilimintí an togra

Tar éis cainteanna míniúcháin in Chisinau an 2 Márta 2010, osclaíodh Comhphlé Víosa go foirmiúil an 15 Meitheamh 2010, ar imeall an chruinnithe den Chomhairle um Chomhar idir an AE agus Poblacht na Moldóive a bhí ar siúl i Lucsamburg. Thug saineolaithe cuairt ar Phoblacht na Moldóive i rith mhí Mheán Fómhair 2010 chun "anailís mhionsonraithe ar bhearnaí" a dhéanamh a rinne measúnú cuimsitheach ar an staid ina raibh gach bloc saincheisteanna arna chuimsiú ag an gComhphlé Víosa (slándáil doiciméad, lena n-áirítear bithmhéadracht; inimirce neamhrialta lena n-áirítear athghlacadh; ord poiblí agus slándáil; caidreamh eachtrach agus cearta bunúsacha), agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle í, ar leibhéal grúpa oibre, i mí Dheireadh Fómhair 2010. Ag teacht le conclúidí na Comhairle (Gnóthaí Eachtracha) an 25 Deireadh Fómhair 2010 i ndáil le Poblacht na Moldóive agus Comhpháirtíocht an Oirthir, pléadh dréacht-phlean Gníomhaíochta um Léirscaoileadh Víosaí do Phoblacht na Moldóive (VLAP) agus thacaigh an Chomhairle leis an 16 Nollaig 2010.

Ghlac Rialtas na Moldóive an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Anótáilte an 17 Feabhra agus thíolaic sé ag Cruinniú na nOifigeach Sinsearach é an 18 Feabhra 2011.

An 16 Meán Fómhair 2011, tíolacadh an Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn[5] maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Léirscaoileadh Víosaí ag Rialtas na Moldóive.

An 9 Feabhra 2012, eisíodh an Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn[6] maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Léirscaoileadh Víosaí ag Rialtas na Moldóive. Bhí Cruinniú na nOifigeach Sinsearach ann an 27 Feabhra 2012 ag ar cuireadh i láthair an Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn agus na chéad chéimeanna eile sa phróiseas.

An 22 Meitheamh 2012 eisíodh an Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn[7] maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Léirscaoileadh Víosaí ag Rialtas na Moldóive. Ba í an tríú tuarascáil, agus an ceann deireanach, ar dhul chun cinn chéad chéim an VLAP agus chuir sé measúnú comhdhlúite an Choimisiúin i láthair maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta ag Poblacht na Moldóive i dtaobh tagarmharcanna chéad chéime an VLAP a bhaint amach, ar tagarmharcanna iad a bhaineann le bunú an chreata reachtaigh, beartais agus institiúidigh.

D'eisigh an Coimisiún an 3 Lúnasa 2012 measúnú níos leithne, a raibh gníomhaireachtaí agus geallsealbhóirí ábhartha an AE páirteach ann, ar an tionchar a d'fhéadfadh léirscaoileadh víosaí a imirt ar imirce agus slándáil sa todhchaí do shaoránaigh na Moldóive a bheadh ag taisteal chuig an AE.[8]

[3] COM(2012) 650 final
[4] COM(2012) 649 final
[5] SEC (2011) 1075 final
[6] SWD (2012) 12 final
[7] COM (2012) 348 final
[8] COM (2012) 443 final

Ghlac an Chomhairle le Conclúidí an 19 Samhain 2012 i gcomhréir le measúnú an Choimisiúin go raibh gach ceann de na tagarmharcanna faoin gcéad chéim den Phlean Gníomhaíochta um Léirscaoileadh Víosaí comhlíonta ag Poblacht na Moldóive. Tá an creat reachtach, beartais agus institiúideach a bhí de dhíth anois ann. Ina dhiaidh sin, seoladh an measúnú ar na tagarmharcanna a leagadh amach faoin dara céim.

Tionóladh Cruinniú na nOifigeach Sinsearach an 28 Eanáir 2013 ag ar cuireadh i láthair cuspóirí an dara céim in éineacht le hullmhú na chéad mhisin mheasúnaithe eile. Eagraíodh misin mheasúnaithe ar Bhloc 1, 2, 3 agus 4 den VLAP ón 18 Feabhra go 15 Márta 2013. Bhí na misin mheasúnaithe thar a bheith cuimsitheach i dtéarmaí scóip agus shonraí an mheasúnaithe – mhair siad 4 seachtaine agus bhí 12 saineolaí ó na Ballstáit páirteach agus iad á dtionlacan ag oifigeach de chuid an Choimisiúin agus an EEAS. Is é an cuspóir a bhí ag na misin saineolaithe seo measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá na tagarmharcanna dara céim den Phlean Gníomhaíochta um Léirscaoileadh Víosaí comhlíonta agus measúnú a dhéanamh ar an méid den chreat reachtach, beartais agus institiúideach atá curtha chun feidhme, i gcomhlíonadh na gcaighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta. Cuireadh bailchríoch ar na tuarascálacha saineolaithe i mí Bealtaine 2013. Eisíodh an Ceathrú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn an 21 Meitheamh 2013[9] agus chuir sé i iúl an staid ag a raibh cur chun feidhme an chreata reachtaigh agus institiúidigh, feidhmiú na n-institiúidí agus an leibhéal comhordaithe atá ann idir na gníomhaireachtaí.

Léiríonn an Cúigiú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn[10], ar glacadh an 15 Samhain 2013, a mhéid a cuireadh i bhfeidhm moltaí a eisíodh sa Cheathrú Tuarascáil agus comhlíonadh na dtagarmharcanna VLAP dara céim ar an iomlán. Tugadh aird faoi leith ar inbhuanaitheacht na n-athchóirithe agus na torthaí a baineadh amach, lena n-áirítear trí leibhéal foirne, acmhainn agus maoiniú oiriúnach. Áirítear leis measúnú ar a mhéid a cuireadh i bhfeidhm na moltaí a cuireadh faoi bhráid Phoblacht na Moldóive, ar moltaí iad a bhí sa Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair i mí Lúnasa 2012. Ba í conclúid an Choimisiúin sa tuarascáil sin gur bhain Poblacht na Moldóive amach gach ceann de na tagarmharcanna a leagadh síos sa cheithre bhloc den dara céim den VLAP, agus go raibh dóthain acmhainní airgeadais agus daonna leithdháilte ag Poblacht na Moldóive chun a chinntiú go bhfuil na hathchóirithe inbhuanaithe.

Ón uair a seoladh an Comhphlé Víosa idir an AE agus Poblacht na Moldóive i mí an Mheithimh 2010 agus ó tíolacadh an Plean Gníomhaíochta um Léirscaoileadh Víosaí d’údaráis na Moldóive i mí Eanáir 2011, tá an Coimisiún i mbun tuairiscithe rialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag Poblacht na Moldóive ó thaobh chomhlíonadh na dtagarmharcanna a aithníodh faoin gceithre bhloc den chéad agus den dara céim den VLAP.

Sa bhreis ar an bpróiseas mionsonraithe tuairiscithe seo i ndáil leis an VLAP, lean an Coimisiún ag déanamh faireacháin ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ag Poblacht na Moldóive i réimsí ábhartha den VLAP trí bhíthin:

- Cruinniú na nOifigeach Sinsearach den Chomhphlé Víosa idir an AE agus Poblacht na Moldóive;
- Comh-Fhochoiste Uimh. 3 an AE-Poblacht na Moldóive;
- Cruinniú Oifigeach Sinsearach na Comhpháirtíochta Soghluaisteachta idir an AE agus Poblacht na Moldóive;
- an Comhphlé maidir le Cearta an Duine idir an AE agus Poblacht na Moldóive;
- Comhchoiste um Athghlacadh an AE agus Poblacht na Moldóive; agus

[9] COM (2013) 459 críochnaitheach

[10] *Níor foilsíodh fós, tagairt le cur isteach níos deireanaí*

- Comhchoiste um Eisiúint Víosaí a Éascú an AE agus Poblacht na Moldóive.

Pléitear go rialta staid an chomhair idir an AE agus Poblacht na Moldóive i ngach ceann de na coistí agus comhphlé seo. Le linn na gComhchoistí deireanacha um Éisiúint Víosaí a Éascú agus um Athghlacadh a reáchtáladh an 12 Meitheamh 2013 sa Bhruiséil, chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé sásta le cur chun feidhme an dá chomhaontú ar an iomlán.

Tháinig an Comhaontú bunaidh um Eisiúint Víosaí a Éascú idir an AE agus Poblacht na Moldóive i bhfeidhm an 1 Eanáir 2008. Rinne sé foráil go mbeadh táille víosa laghdaithe ag gach saoránach de chuid Phoblacht na Moldóive ('saoránaigh na Moldóive' anseo feasta) agus chuir sé dlús le nósanna imeachta a bhaineann le heisiúint agus le catagóirí sonracha iarratasóirí ón Moldóiv a bhfuil tarscaoileadh táille víosa acu, eisiúint níos leithne víosaí iliontrála a bhfuil tréimhse fhada bhailíochta acu, agus ceanglais shimplithe do dhoiciméid tacaíochta chun cuspóir an taistil a chruthú. Bhí tarscaoileadh víosa ann do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta freisin.

Tháinig feidhm leis an gComhaontú um Léirscaoileadh Víosaí uasghrádaithe le Poblacht na Moldóive an 1 Iúil 2013. Leis an gcomhaontú nua seo cuirtear ar fáil éascuithe breise agus tairbhí suntasacha do shaoránaigh na Moldóive: go háirithe, (1) baineann níos mó catagóirí iarratasóirí víosa tairbhe as na héascuithe dá bhforáiltear sa chomhaontú bunaidh, (2) fágann na forálacha maidir le víosaí iliontrála a eisiúint a bhfuil tréimhse fhada bhailíochta acu do chatagóirí áirithe taistealaithe *bona fide* go bhfuil níos lú discréide ag na consail, (3) cuirtear comhar na mBallstát le soláthraithe seirbhíse seachtracha faoi réir creata reachtaigh shoiléir, agus (4) díolmhaítear iad siúd a bhfuil pasanna seirbhíse bithmhéadraí acu ón oibleagáid víosa.

Seoladh an Chomhpháirtíocht Soghluaisteachta le Poblacht na Moldóive go hoifigiúil i mí Mheán Fómhair 2008 in Chisinau. Tá 15 Ballstát i gceist léi (an Bhulgáir, an Chipir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an tSualainn agus an Ungáir,) agus dhá ghníomhaireacht AE (FRONTEX agus an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna), a d'oibrigh le chéile chun cur chuige comhleanúnach maidir le comhar a chur i láthair do thír chomhpháirtíochta. Tá réimse leathan tionscnamh curtha chun feidhme i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta agus tugann sé aitheantas iomlán do cheithre ghné an Chur Chuige Domhanda i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta (GAMM): cur le himirce dhleathach agus soghluaisteacht a éascú, imirce neamhrialta agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, tionchar forbartha na himirce agus na soghluaisteachta a uasmhéadú, agus cosaint idirnáisiúnta a chur chun cinn.

Níl réiteach cheist réigiún Trasnistria ina choinníoll do léirscaoileadh víosaí faoin VLAP. Anuas air sin, níl aon tagairt sa VLAP do chur i bhfeidhm ar leibhéal críochach. Rachaidh léirscaoileadh víosaí chun tairbhe na saoránach a bhfuil pas bithmhéadrach Phoblacht na Moldóive ina seilbh acu.

Tugann an togra seo aitheantas do thoradh na bpróiseas a luadh thuas: ag cur san áireamh freisin go bhfuil na Comhaontuithe um Eisiúint Víosaí a Éascú agus um Athghlacadh le Poblacht na Moldóive curtha chun feidhme ar bhealach sásúil, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Poblacht na Moldóive, atá ag baint amach gach ceann de thagarmharcanna an VLAP, a aistriú ón liosta diúltach go dtí an liosta dearfach, ach go bhfuil an tarscaoileadh víosaí seo srianta dóibh siúd a bhfuil pasanna bithmhéadracha acu arna n-eisiúint de réir chaighdeán an ICAO.

3. Na Chéad Chéimeanna Eile

Uirlis thábhachtach agus éifeachtach a bhí sa Chomhphlé Víosa idir an AE agus Poblacht na Moldóive chun athchóirithe forleathana agus deacra sna réimsí Ceartais agus Gnóthaí Baile a chur chun cinn, ach tionchar a imirt freisin ar réimsí amhail smacht reachta agus athchóiriú ceartais, lena n-áirítear maoiniú iontaofa páirtithe, athbhreithniú ar dhíolúintí agus nuachóiriú riaracháin. Is socair agus éifeachtach an dul chun cinn atá déanta ag Poblacht na Moldóive i rith na dtrí bliana seo caite i ngach ceann de na réimsí atá cuimsithe ag ceithre bhloc an VLAP. Léiríonn sé an tiomantas agus na hiarrachtaí leanúnacha atá déanta ag rialtais éagsúla na Moldóive i ndiaidh a chéile agus ag gach institiúid Stáit chun ardtosaíocht náisiúnta a thabhairt do chomhlíonadh na dtagarmharcanna VLAP.

Tá sé ábhartha a chuimhneamh gur baineadh amach na hathchóirithe i roinnt réimsí lárnacha a cuimsíodh san VLAP sa chéad leath de 2013 d'ainneoin staid pholaitiúil ghuagach a mhair ar feadh roinnt míonna, rud a thugann le fios go bhfuil leibhéal cuí rialachais mhaith ann chomh maith le riarachán poiblí aibí.

Tá leasuithe le déanamh ar rialacha víosa an AE go gairid agus tionscnófar leis na leasuithe sin sásra fionraí nua do tharscaoileadh víosaí, rud a chuirfidh le sláine an phróisis léirscaoilte víosa a chaomhnú agus a chinnteoidh mar rogha dheireanach nach mbeidh sé mar thoradh ar thaisteal gan víosa go mbeidh neamhrialtachtaí nó mí-úsáid ann.

Measann an Coimisiún go bhfuil an dul chun cinn riachtanach déanta ag Poblacht na Moldóive ó mhí an Mheithimh seo caite chun a chinntiú go gcuirfí i bhfeidhm ar bhonn éifeachtach agus inbhuanaithe na hathchóirithe a bhí le déanamh aici chun tagarmharcanna an VLAP a chomhlíonadh. Tá gach beart a bhí ag teastáil i ndiaidh an cheathrú tuarascáil VLAP ar dhul chun cinn bainte amach. Tá feidhmiú an chreata reachtaigh agus beartais, leagan amach na bprionsabal institiúideach agus eagraíochtúil, agus cur i bhfeidhm na nósanna imeachta sna ceithre bhloc ag teacht leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta.

Agus é ag cur leis an measúnú reatha, agus ag tagairt don toradh a bhí ar an bhfaireachán agus tuairisciú leanúnach a rinneadh ón uair a seoladh an Comhphlé Víosa idir an AE agus Poblacht na Moldóive, measann an Coimisiún go gcomhlíonann Poblacht na Moldóive gach ceann de na tagarmharcanna a leagadh amach sna ceithre bhloc den dara céim den VLAP. Ag cur san áireamh an chaidrimh idir an AE agus Poblacht na Moldóive ar an iomlán agus na dinimice atá eatarthu, cuireann an Coimisiún i láthair mar sin an togra reachtach riachtanach chun Rialachán CE 539/2001 a leasú, de réir na modheolaíochta ar thángthas ar chomhaontú uirthi faoin VLAP.[11]

Sa chomhthéacs sin, is fiú féachaint ar na sonraí staitistiúla atá ar fáil. Bhí isteach is amach le 230 000 Moldóvach ina gcónaí go dlíthiúil san AE[12] ag deireadh 2012, de réir na sonraí a bhaineann le ceadanna cónaithe bailí. Léiríonn sonraí staitistiúla go bhfuil laghdú tagtha ar an mbaol go rachaidh saoránaigh na Moldóive ar imirce neamhrialta go dtí an AE: ón mbliain 2008, nuair a gabhadh 6 830 inimirceach neamhrialta ón Moldóiv, tá an líon a gabhadh laghdaithe gach bliain, agus níor gabhadh ach 3 070 in 2012, i.e. laghdú 55 %. Tá laghdú faoina leath (-48%) tagtha ar iarratais ar thearmann i rith na tréimhse sin freisin: rinne saoránaigh na Moldóive 435 iarratas ar thearmann in 2012, i gcomparáid le 837 iarratas in 2008. Tá feabhas ag teacht ar an gcóimheas idir líon na ndaoine a cuireadh ar ais agus líon na gcinntí a eisíodh maidir le daoine a chur ar ais agus baineadh 73 % amach in 2012, i

11 (*) *Tá téacs an Chúigiú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn faoin ISC faoi láthair; má tharlaíonn sé go n-athraítear foclaíocht na gconclúidí, ní mór an téacs a ailíniú dá réir.*

12 Cuimsíonn na sonraí atá curtha i láthair sa chuid seo gach ceann de thíortha an AE ach amháin an Ríocht Aontaithe, Éire agus an Chróit; agus áirítear leo freisin sonraí don Eilvéis, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin. Tháinig na sonraí uile ó Eurostat, ach amháin na sonraí maidir le hiarratais agus diúltaithe víosaí, ar thiomsaigh DG HOME iad.

gcomparáid le 50 % nó mar sin i rith na gceithre bliana roimhe sin. Ar deireadh, bíodh is go bhfuil líon na n-iarratas víosaí gearrchónaí Schengen cobhsaí le trí bliana anuas (idir 50 000 agus 55 000), tá an ráta diúltaithe d’iarratais víosaí laghdaithe go mór ó 11.4 % in 2010 go 6.5 % in 2012. Cruthaíonn na sonraí seo go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an mbaol ó imirce neamhdhleathach ó shaoránaigh na Moldóive. Tabharfaidh na leasuithe ar rialacha víosaí an AE isteach sásra fionraí nua do tharscaoileadh víosaí i Rialachán 539/2001, ar sásra é a chuirfidh le sláine an phróisis léirscaoilte víosa agus a chinnteoidh, mar rogha dheireanach, nach mbeidh neamhrialtachtaí nó mí-úsáid mar thoradh ar thaisteal gan víosa.

Leanfaidh an Coimisiún ag déanfaidh faireachán gníomhach ar chur chun feidhme leanúnach Phoblacht na Moldóive ar gach tagarmharc faoi cheithre bhloc an VLAP faoi chuimsiú na struchtúr agus comhphlé Comhpháirtíochta agus Comhair atá ann cheana féin, agus, más gá, trí shásraí leantacha *ad hoc*.

Mar a bhí amhlaidh i gcás aistriú thíortha na mBalcán Thiar isteach sa chóras áit nach bhfuil gá le víosa, níl aon údar ann tabhairt i gcrích comhaontaithe léirscaoilte víosa leis an AE a bheith ina coinníoll do chur chun feidhme an léirscaoilte víosaí do Phoblacht na Moldóive, nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil gach saoránach de chuid an AE díolmhaithe ón gceanglas víosa ag Poblacht na Moldóive agus go mbeadh an sásra fionraí ina réiteach éifeachtach dá mbainfí mí-úsáid as an gcóras gan víosa.

4. Príomheagraíochtaí/príomhshaineolaithe a ndeachthas i gcomhairle leo

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit.

5. Measúnú tionchair

Níl aon ghá le measúnú tionchar.

6. Bunús dlí

I bhfianaise CFAE, forbairt ar an gcomhbheartas víosa atá sa togra seo i gcomhréir le hAirteagal 77(2)(a) CFAE.

7. Prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta

Liostaítear i Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 na tríú tíortha a gcaithfidh a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu agus iad ag dul thar theorainneacha seachtracha (an liosta diúltach) agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (an liosta dearfach).

Maidir leis an gcinneadh na liostaí a athrú agus tíortha a aistriú ón liosta diúltach chuig an liosta dearfach nó a mhalairt, is faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh a thagann sé i gcomhréir le hAirteagal 77 (2) (a) CFAE.

8. Rogha ionstraimí

Tá Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 le leasú le Rialachán.

9. Impleacht bhuiséadach

Ní bhaineann aon impleacht do bhuiséad an Aontais Eorpaigh leis an leasú atá beartaithe.

2013/0415 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 lena liostaítear na tríú tíortha a gcaithfidh a náisiúnaigh víosaí a bheith acu agus iad ag dul thar theorainneacha seachtracha agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ba cheart comhdhéanamh na liostaí tríú tíortha in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001[13] ón gComhairle a bheith ag luí leis na critéir atá leagtha síos ann, agus ba cheart dó leanúint de bheith ag luí leo. Maidir leis na tríú tíortha a bhfuil athrú tagtha ar a staid i ndáil leis na critéir sin, ba cheart iad a aistriú ó Iarscríbhinn amháin go dtí an Iarscríbhinn eile.

(2) I gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach arna fhormheas ag Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir i bPrág an 7 Bealtaine 2009, agus le Plean Gníomhaíochta um Léirscaoileadh Víosaí a bheith curtha i gcrích ag Poblacht na Moldóive, measann an Coimisiún go bhfuil gach ceann de na tagarmharcanna atá leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta um Léirscaoileadh Víosaí comhlíonta ag Poblacht na Moldóive.

(3) Toisc go gcomhlíonann sí gach ceann de na tagarmharcanna, ba cheart Poblacht na Moldóive a aistriú go hIarscríbhinn II de Rialachán (CE) Uimh. 539/2001. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an léirscaoileadh víosaí maidir le sealbhóirí pasanna bithmhéadracha arna n-eisiúint ag Poblacht na Moldóive I gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

(4) A fhad a bhaineann leis an Íoslainn agus an Iorua, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a tugadh i gcrích idir Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le baint an dá stát sin le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen[14], rud a thagann faoin réimse dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1 de

---

[13] Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle an 15 Márta 2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu nuair atá na teorainneacha seachtracha á dtrasnú acu agus lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 81,21.3.2001, lch. 1).

[14] IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin[15].

(5) A fhad a bhaineann leis an Eilvéis, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le baint Chónaidhm na hEilvéise le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm, agus forbairt *acquis* Schengen[16], rud a thagann faoin réimse dá dtagraítear i bpointe (b) agus (c) d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh in éineacht le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[17].

(6) A fhad a bhaineann le Lichtinstéin, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen dá bhforáiltear sa Phrótacal idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[18] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoin réimse dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999, arna léamh in éineacht le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[19].

(7) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt a ghlacadh i gcuid d’fhorálacha *acquis* Schengen[20]; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(8) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen nach nglacann Éire páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn páirt a ghlacadh i gcuid d’fhorálacha *acquis* Schengen[21]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) A fhad a bhaineann leis an gCipir, is éard atá sa Rialachán seo gníomh lena gcuirtear le *acquis* Schengen nó a bhfuil baint ar shlí eile aige le *acquis* Schengen de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003.

(10) A fhad a bhaineann leis an mBulgáir agus leis an Rómáin, is éard atá sa Rialachán seo gníomh lena gcuirtear le *acquis* Schengen, nó a bhfuil baint ar shlí eile aige le *acquis* Schengen de réir bhrí Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005.

(11) A fhad a bhaineann leis an gCróit, is éard atá sa Rialachán seo gníomh lena gcuirtear le *acquis* Schengen, nó a bhfuil baint ar shlí eile aige le *acquis* Schengen de réir bhrí Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011,

---

15 IO L 176, 10.7.1999, lch 31.
16 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.
17 IO L 53, 27.2.2008, lch. 1.
18 IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.
19 IO L 160, 18.6.2011, lch. 19.
20 IO L 131, 1.6.2000, lch. 43.
21 IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 mar seo a leanas:

1. in Iarscríbhinn I, Cuid 1, scriostar an tagairt don Mholdóiv.

2. in Iarscríbhinn II, Cuid 1, cuirtear an tagairt seo a leanas isteach:

"Moldóive, Poblacht na*

______________

* Beidh an léirscaoileadh víosaí teoranta do shealbhóirí pasanna bithmhéadracha a eisíodh i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).”

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomláin agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*